


gaineamh



ag scipeáil



féar

## An Fiosraitheoir

**Tasc 1:**
Cad é is maith leat féin a dhéanamh sa chlós ag am sosa?

**Tasc 2:**
Is fearr leis na gasúir peil. Ainmnigh 5 chluiche eile is féidir a imirt sa chlós.

CCEA
Rewarding Learning

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

9 Clós na Scoile

Foilseachán de chuid CCEA © 2014

Curaclam Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana




## Clós na Scoile


# Clós na Scoile

Bíonn na páistí ag súgradh ar scoil ón Luan go dtí an Aoine. Téann siad amach faoin aer ag am sosa agus ag am lóin, má bhíonn sé tirim.

Is maith le Rang 1 agus le Rang 2 bheith ag súgradh taobh amuigh. Bíonn siad ag súgradh le **gaineamh** agus le huisce. Bíonn páistí Rang 7 ag cuidiú leo.

Bíonn Rang 3 agus Rang 4 ag súgradh taobh amuigh fosta. Is breá leo bheith ag rith thart go gasta. Bíonn rópa fada ag na cailíní agus bíonn siad ag ceol agus iad **ag scipeáil**. Ritheann siad isteach agus amach agus iad ag léim thar an rópa.

Tá cead ag na páistí is sine bheith ag súgradh ar an **fhéar**. Is maith le gach duine bheith ag rásaíocht. Bíonn cuid acu iontach gasta. Is fearr leis na gasúir bheith ag imirt peile. Bíonn gach duine iontach callánach ar fad!



# Ceisteanna

1. **Bíonn na páistí ag súgradh ar scoil:**
   (a) gach lá scoile.
   (b) gach seachtain.
   (c) trí lá sa tseachtain.

2. **Téann na páistí amach má bhíonn an aimsir:**
   (a) maith.
   (b) fliuch.
   (c) fuar.

3. **Cé a thugann cuidiú do pháistí Rang 1 agus Rang 2?**
   (a) Na páistí is sine sa scoil
   (b) Páistí Rang 3
   (c) Páistí ón Naíscoil

4. **Bíonn cailíní Rang 3 agus Rang 4 ag ceol sa chlós nuair a bhíonn siad:**
   (a) ag rith.
   (b) ag léamh leabhar.
   (c) ag scipeáil.

5. **Cad é an rud is fearr leis na gasúir is sine?**
   (a) Rásaíocht
   (b) Peil
   (c) Scipeáil

6. **Cad é an focal is fearr a chuireann síos ar chlós na scoile?**
   (a) Ciúin
   (b) Callánach
   (c) Cuidiúil